Gaelscoil na Laochra

Ár dTuairisc Fheinmheastóireachta agus Plean Feabhsúcháin 2023-2024

1. Réamhrá

Cláraíonn an doiciméad seo na torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh, torthaí na féinmheastóireachta seo, agus ár bplean feabhsúcháin reatha, lena n-áirítear spriocanna agus na gníomhartha a dhéanfaimid chun na spriocanna a bhaint amach.

1.1 Torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh ó Meán Fómhair 2022 go Meitheamh 2023

- Cúntais Míosúla: Tá sé seo ar siúl agus leanúnach.
- Tá plean scoile don litríocht agus uimhreacht críochnaithe. Tá dréacht garbh den OSIE déanta.
- Ambassadóirí Microsoft cáilithe ó Rg 6. Ard-mholadh faighte ó na moltóirí i Microsoft.
- Ard-chaighdeán bainte amach ag na daltaí sa chomórtas VEX

1.2 Fócas an meastóireachta seo

Rinneamar féinmheastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim le linn na tréimhse *Meán Fómhair 2022* go *Meitheamh 2023*. Rinneamar meastóireacht ar an ngné (na gnéithe) seo a leanas de theagasc agus foghlaim:

- Scileanna digiteacha na ndaltaí a fhorbairt
- Scileanna ceannaireachta na ndaltaí a fhorbairt
- Pleanáil na múinteoirí go haonarach agus ó thaobh pleanáil scoile de feabhsaithe

2. Torthaí

2.1 Is cleachtadh éifeachtach / an-éifeachtach é seo inár scoil

Liostaigh príomhláidreachtaí na scoile sa teagasc agus san fhoghlaim.

- Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cuir chuige teagaisc atá oiriúnach do na cuspóirí foghlama agus do riachtanais foghlama na ndaltaí - Déanann na múinteoirí cuir chuige a roghnú agus a úsáid go straitéiseach chun meaitseáil a dhéanamh do chuspóir foghlama an cheachta agus freastal ar riachtanais foghlama na ndaltaí, agus tuilleadh deiseanna foghlama a oscailt suas.
- Roghnaíonn agus úsáideann an múinteoir cleachtais pleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn - Dearann agus ullmhaíonn na múinteoirí roimh ré sraith de thascanna agus gníomhaíochtaí foghlama atá oiriúnach do chuspóirí foghlama sainiúla an cheachta nó na sraithe de cheachtanna.
- Léiríonn na daltaí an t-eolas, na scileanna agus an tuiscint atá de dhíth ar churaclam na bunscoile: Tá gnóthachtáil na ndaltaí ar an iomlán ag feabhsú nó ag caighdeán an-mhaith i gcomhréir le cuspóirí agus scileanna Churaclam na Bunscoile.

2.2. Seo an chaoi is eol dúinn

Liostaigh na foinsí fianaise. Déan tagairt do mheonta, gnóthachtáil, eolas agus scileanna daltaí.

- Bhain na daltaí amach an chuspóir a bheith mar ambasadóirí do Microsoft Dreamspace agus fuair siad ard-mholadh ó na moltóirí maidir leis an gcur i láthair a rinne siad.
- Tá cúntais míosúil do gach mí ag gach múinteoir san fhilteán
- Tá pleanáil scoile curtha i gcrích againn maidir leis an litríocht agus leis an uimhreacht. Ta dréacht phlean ann don OSIE

2.3 Seo a bhfuilimid chun díriú air d'fhonn ár gcleachtadh a fheabhsú a thuilleadh

Sonraigh na gnéithe de theagasc agus foghlaim atá aitheanta agus curtha in ord tosaíochta ag an scoil do thuilleadh feabhsúcháin.

- Pleananna scoile don OSIE a chríochnú
- Plean scoile do thinreamh a fheabhsú
- Díriú isteach ar folláine sa scoil í féin agus i measc pobail na scoile

3. Ár bplean feabhsúcháin

Ar an gcéad leathanach eile tá cláraithe againn:

- Na **spriocanna** d'fheabhsúchán atá socraithe againn

- Na **gníomhartha** a dhéanfaimid chun iad seo a bhaint amach
- **Cé atá freagrach** as ár bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air
- Conas a dhéanfaimid **dul chun cinn** a thomhas agus **torthaí** a sheiceáil (critéir don rath)

De réir mar a chuirimid ár bplean feabhsúcháin i bhfeidhm, déanfaimid na nithe seo a thaifeadadh:

- An **dul chun cinn** a rinneadh, agus **leasuithe** a rinneadh, agus **cathain**
- **Gnóthachtáil spriocanna** (cinn bunaidh agus cinn leasaithe), agus **cathain**

Ár bPlean Feabhsúcháin

Is é an fráma ama don phlean feabhsúcháin seo ó [29/8/2023] go [27/6/2024]

Spriocanna	**Gníomhartha**	**Daoine / grúpaí freagrach**	**Critéir don rath**	**Dul chun cinn agus leasuithe**	**Spriocanna a baineadh amach**
Pleananna scoile don OSIE a chríochnú le linn na scoilbhliana seo Plean scoile don thinreamh a fheabhsú a scríobh agus a chur i gcrích i mbliana Díriú isteach ar folláine sa scoil í féin agus i measc pobail na scoile	Cruinnithe ag am Páirc an Chrócaigh. Múinteoirí ag déanamh codanna éagsúla de na pleananna Ag seoladh na pleananna chuig an Bord Bainistíochta. Plé ag an mBB chun aon cheist a shoiléiriú agus iad a dhaingniú Suirbhé a sheoladh amach chuig: Foireann na Scoile Daltaí Tuistí Bord Bainistíochta Spriocanna a roghnú Plean a chuir le chéile Plean a roinnt Plean a chur i gcrích	Múinteoirí na Scoile Príomhoide Bord Bainistíochta Daltaí Foireann na scoile Tuistí Bord Bainistíochta	Beidh na pleananna seo athbhreithnithe agus seolta chuig an Bord Bainistíochta. Beidh na gníomhaíochtaí a roghnaíomar ar siúl sa scoil. Beidh sé feiceáil agus le cloisteáil sa scoil go bhfuil an folláinne mar sprioc ag an scoil.	Tá plean ginearálta curtha le chéile don OSIE. Bhris an fhoireann an tasc seo síos i gcodanna agus bhí daoine éagsúla i gceannas Bhí an fhoireann ag obair ar na pleananna seo de réir a chéile i téarma 1 I téarma 2 beidh an fhoireann ag cur na codanna le chéile I téarma 3 nó i téarma 1 den scoilbhliain seo chugainn beidh an phlean ag dul chuig an BB le daingniú. Gníomhaíochtaí a thosnú chun folláine a chur chun chinn. Tuairisc faoi thinreamh a sheoladh amach gach téarma chuig na tuistí. Roinn na nodanna ó TESS leis na tuistí	Plean OSIE réidh le seoladh chuig an BB Feabhas tagtha ar thinreamh i gcomparáid leis an scoilbhliain 2022-2023 de réir an fhianaise ar Aladdin. Go leor déanta chun folláine na scoile a fheabhú. – rith na maidine, béilí the, ranganna analú, céardlanna drumadóireachta, céardlanna ealaíne